# Cúirt Bhaile Nua

Is lá breá dhár éiríos ar maidin,
Ag triall dhom ar Chúirt Bhaile Nua,
Cé a d'fheicfinn ach mo Neilí ag gabháil tharam,
Is ba ródheas é a leagan is a snua.

A grua bán ba gile ná an eala,
Ná sneachta mín éadrom an lae,
Is a stóirín, nach trua leat mo chás-sa,
Mar is lag lúbach a d'fhága tú mé.

Tá teachín deas gleoite sa ngleann agam,
Agus bím ann go huaigneach liom fhéin,
Is dhá dtiocfadh mo Neilí ar cuairt agam,
Thabharfainn póigín deas milis dhá béal.

Is iomaí cailín óg deas a chraithfeadh lámh liom,
Agus a thiocfadh ar cuairt agam le mí,
Ach dhá bhfaighinnse leo ór buí is *diamonds*,
Sí Neilí atá i gceartlár mo chroí.

Is cén t-iontas dhá lasfadh an talamh,
Is cén t-iontas dhá mbrisfeadh mo chroí,
Is cén t-iontas do mo shúile a bheith leata,
Agus a liachtaí deoir a shil siad le mí.

Is tá mise tinn brónach le fada,
Deir mo mhuintir gur athraigh mo shnua,
Ag dearcadh go géar ar an gcailín
Atá ina cónaí i gCúirt Bhaile Nua.

Agus brón ar an té nach mbíonn críonna,
Is nach ndéanann gach ní mar is cóir
Mar is mise mé féin a bhí ciontach
Nach ndeachaigh mé in am faoine comhair.

Agus thabharfainnse cliú agus cáil di,
Ach níl goir a'm labhairt leí níos mó,
Is go siúlfainnse seacht ríochta na hÉireann
Leis an bpéarla atá i gCúirt Bhaile Nua.

**Áine Dhroighneáin SNCL2006**